

An Bradán Feasa: Sinsir

Fadó, fadó nuair a bhí Fionn Mac Cumhaill, Taoiseach mór le rá ar Fhianna na hÉireann, ina bhuachaill óg, d'imigh sé chun cónaí le fear críonna darbh ainm Finnéagas. Ba fhile é Finnéagas a mhair ar bhruach abhainn na Bóinne. Bhí clú agus cáil air ó cheann ceann na tíre maidir le doimhneacht agus réimse a eolais.

Anuas ar a scileanna cáiliúla i gcumadh agus i reacaireacht na filíochta, bhí níos mó eolais ag Finnéagas ná mar a bhí ag duine ar bith beo in Éirinn i gcúrsaí an tsaoil chomh maith le rúin na n-éan agus na n-ainmhithe, na bplandaí agus na réaltaí.

Is toisc an t-eolas cuimsitheach a bhí ag Finnéagas gur cuireadh Fionn chun cónaí leis agus chun foghlaim uaidh. Thaitin sé go mór le Fionn éisteacht le scéalta iontacha an fhir chríonna mar aon lena fhocail ghaoise, nithe a bheadh ar a thoil ag Fionn sa deireadh thiar thall. Mar chúiteamh air seo, chabhraigh Fionn le hobair an tí. Thug sé faoin gcócaráil, faoin nglanadh agus chuaigh sé ag iascaireacht don seanfhear.

In ainneoin eagna chuimsitheach Fhinnéagais, ní raibh gach ní ar eolas aige agus uaireanta tháinig fiosracht shíoraí Fhinn aniar air agus theip air ceistanna an bhuachalla óig a fhreagairt.

'An bhfuil bealach ar bith ann le bheith ar an eolas faoi gach uile ní?', a d'fhiafraigh Fionn de.

Ba í an cheist chéanna a chuir Finnéagas tráth agus an chúis gur chuir sé faoi in aice le habhainn na Bóinne. Bhí sé ráite ag na draoithe fadó go raibh cónaí ar an mBradán Feasa i lochán dorcha socair faoi scáth na gcrann coille. Mar thoradh ar chnónna na gcrann coille draíochta a ithe a d'aimsigh an Bradán eolas cuimsitheach an domhain. Agus sin mar a bhí, de réir fáistine, go bhfaigheadh an té a d'íosfadh an Bradán an t-eolas dó féin. Bhí cónaí ar Fhinnéagas ar bhruach na habhainn le blianta agus é ag iarraidh breith ar an mBradán agus an t-eolas seo a fháil.

Tharla sé lá amháin go luath i ndiaidh d'Fhionn teacht chun staidéir leis go ndeachaigh Finnéagas ag iascaireacht agus gur rug sé ar an mBradán faoi dheireadh.

'Rug mé air! Rug mé air!' a scread sé le háthas.

Lom láithreach, tharraing sé isteach é agus d'imigh sé leis chuig Fionn agus an bradán ina bhaclainn aige.

'Cócaráil anois é díreach!' a d'ordaigh Finnéagas d'Fhionn agus é ag damhsa agus ag luascadh le sceitimíní. Agus an tine á cur síos ag Fionn agus bior rósta á eagrú aige chun tabhairt faoi chócaráil an bhradáin, thug Finnéagas rabhadh dó.

'Déan an bradán a chócaráil, ach pé rud eile a dhéanfaidh tú, ná blais oiread agus blúirín de!'

Ghlac Fionn leis an rabhadh seo agus thug sé faoin mbradán a chócaráil fad is a bhí Finnéagas imithe ar thóir tuilleadh adhmaid don tine. Tar éis d'Fhinnéagas fillleadh, bhí an bradán réidh os a chomhair. D'fhéach sé ar Fhionn agus d'aithin

sé go raibh Cuma dhifriúil air, ar nós go raibh solas na gaoise ag Ionradh ina shúile.

'Ar ith tú puinn den Bhrádán?' a d'fhiafraigh sé d'Fhionn go himníoch.

'Níor ith!' a d'fhreagair Fionn.

'Ar bhlais tú an craiceann?' a d'fhiosraigh sé.

'Níor bhlais!' a d'fhreagair Fionn, 'ach nuair a bhí mé á chasadh ar an mbior rósta, dhóigh mé mo mhéara agus sháigh mé m'ordóg i mo bhéal chun an phian a laghdú.'

Bhris croí Fhinnéagais. 'Is leor sin!' a dúirt sé le Fionn, 'Bhlais tú an Bradán Feasa agus tá an fháistine comhlíonta agat. Tá eolas an domhain ina iomláine agatsa anois'.

Ansin chuir sé iallach ar Fhionn an Bradán ar fad a ithe. Ach nuair a bhí sé críochnaithe aige, thug sé faoi deara nár airigh sé níos ciallmhaire ná mar a bhí roimhe sin. Nuair a d'inis sé é seo d'Fhinnéagas, d'fhreagair sé 'Más í d'ordóg a dhóigh tú ar dtús, cuir i do bhéal í sin'. Rinne Fionn amhlaidh agus ar an toirt, líonadh a aigne le heolas iomlán an domhain.

'B'fhearr duit imeacht anois! Níl faic na fríde gur féidir liomsa a mhúineadh duit', a mhínigh Fionnéagas dó. Is éard atá in ann duit ná bheith i d'fhile críonna, i do ghaisce agus i do cheannaire'.

Agus sin a thit amach d'Fhionn agus é ag fás aníos. D'éirigh leis a bheith ina fhile críonna, ina ghaisce agus ina cheannaire. Ba cheannaire mór le rá na bhFiann é, an bhuíon ghaiscíoch ab fhearr a bhí in Éirinn riamh.